



TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2017)0478

Síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha *I**

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2017 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) 2015/1017 i ndáil le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach (COM(2016)0597 – C8-0375/2016 – 2016/0276(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2016)0597),
- ag féachaint d’Airteagal 294(2), d’Airteagal 172 agus d’Airteagal 173, don tríú mír d’Airteagal 175 agus d’Airteagal 182(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic a Coimisiún an togra don Pharlaimint (C8-0375/2016),
- ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 15 Nollaig 2016¹,
- ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 7 Nollaig 2016²,
- ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhorpheas an coiste freagrach faoi Riail 69f(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 8 Samhain 2017 chun an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhorpheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
- ag féachaint do phléití comhphárteacha an Choiste um Buiséid agus an Choiste um

¹ IO C 75, 10.3.2017, lch. 57.

² IO C 185, 9.6.2017, lch. 62.

Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadaíochta faoi Rial 55 de na Rialacha Níos Imeachta,

- ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid agus don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadaíochta agus do na tuairimí ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Rialú Buiséadach, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A8-0198/2017),
- 1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;
- 2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;
- 3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;
- 4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

P8_TC1-COD(2016)0276

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 12 Nollaig 2017 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2017/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 2015/1017 i ndáil le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha chomh maith le feabhsuithe teicniúla ar an gCiste sin agus ar an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht a thabhairt isteach

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2017/2396.)

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

Ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an méadú de EUR 225 milliún i gclár Shaoráid um Chónascadh na hEorpa

Mar thoradh ar an gcomhaontú polaitiúil idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le maoiniú CEIS 2.0, déanfar EUR 275 milliún a ath-implonú ó ionstraimí airgeadais SCE , ar laghdú de EUR 225 milliún é sin i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún.

Dearbhaíonn an Coimisiún go ndéanfar an cláreagrú airgeadais a leasú chun freagairt don mhéadú comhfhreagrach de EUR 225 milliún i gclár SCE.

I gcreat na nósanna imeachta buiséadacha bliantúla do na blianta 2019-2020, cuirfidh an Coimisiún na tograí iomchuí ar aghaidh chun leithdháileadh optamach an mhéid sin laistigh de chlár SCE a áirithiú.